

**Gael-Linn**

**GRÚPRÁITIS AIRGEADAIS**

**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)  
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2020**

**GAEL-LINN**

**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)**

**TUARASCÁLACHA AGUS CUNTAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2020**

---

CLÁR	Leathanach
Stiúrthóirí agus eolas breise	2
Tuarascáil na stiúrthóirí	3
Tuarascáil na nIniúchóirí	8
Cuntas ioncaim agus caiteachais an ghrúpa	11
Ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile	11
Clár comhardaithe an ghrúpa	12
Clár comhardaithe na cuideachta	13
Ráiteas ar athruithe i gcothromas an ghrúpa	14
Ráiteas ar athruithe i gcothromas na cuideachta	15
Ráiteas faoi shreabhadh airgid an ghrúpa	16
Nótaí ar na grúpchuntais	17

**GAEL-LINN**  
**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)**  
**STIÚRTHÓIRÍ AGUS EOLAS BREISE**

---

<b>STIÚRTHÓIRÍ</b>	Pádraic Ó Ciardha (Cathaoirleach) Clár Ní Bhuachalla Wayne Mac Feilimí Úna Ní Cheallaigh Caoimhín Ó Peatáin Micheál Ó Conghaile Peadar Ó Lamhna
<b>PRÍOMHFHEIDHMEANNACH</b>	Antoine Ó Coileáin
<b>RÚNAÍ AGUS OIFIG CHLÁRAITHE</b>	Máire Harris 35 Sráid an Dáma Baile Átha Cliath 2
<b>UIMHIR NA CUIDEACHTA</b>	19892
<b>UIMHIR CHARTHANAS CLÁRAITHE</b>	20008888
<b>UIMHIR NA GCOIMISINÉIRÍ IONCAIM</b>	5676
<b>INIÚCHÓIRÍ</b>	Crowe Ireland Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúil Teach na Mara Plás Chlann Liam Baile Átha Cliath 2
<b>PRÍOMHBHAINCÉIRÍ</b>	AIB Banc Cpt 1 Sráid Bhagóid Íochtarach Baile Átha Cliath 2  Banc KBC Sráid Sandwith Baile Átha Cliath 2
<b>DLÍODÓIRÍ</b>	Eugene F. Collins 3 Bóthar Burlington Baile Átha Cliath 4

## **GAEL-LINN**

**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)**

### **TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2020**

---

Leis seo, cuireann na Stiúrthóirí i láthair a dTuarascáil Bhliantúil agus na grúpáitís airgeadais iniúchta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020.

#### **RÁITEAS FREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ**

Tá na stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí agus rialachán na hÉireann.

Ceanglaíonn dlí na gcuideachtaí in Éirinn ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin dlí sin, roghnaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir cleachtais chuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn, lena n-áirítear Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 'An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann' agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus ag dlí na hÉireann.

Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní mór do na stiúrthóirí gan na ráitis airgeadais a cheadú mura bhfuil siad sásta go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar na sócmhainní, na dlíteanais agus staid airgeadais na cuideachta do dháta dheireadh na bliana airgeadais, ar bhrabús nó cailleanas na cuideachta don bhliain airgeadais sin agus i ngach slí eile go gcomhlíonann siad forálacha Acht na gCuideachtaí 2014.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin chuntasaíochta atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- a shonrú go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a aithint, agus nóta a dhéanamh ar an éifeacht agus na cúiseanna le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, mura bhfuil sé neamhfhoirsteanach glacadh leis go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh i mbun gnó.

Dearbhaíonn na stiúrthóirí gur shásaigh siad na riachtanais thuasluaite.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an chuideachta taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a mhíníonn agus a thairfeadann idirbhearta na cuideachta i gceart, a chuimsíonn, ag am ar bith, na sócmhainní, dlíteanais, staid airgeadais agus bhrabús nó cailleanas na cuideachta a chinneadh go réasúnta cruinn, agus a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais agus Tuarascáil na Stiúrthóirí comhlíonta de réir Acht na gCuideachtaí 2014. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus, mar sin, céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun cosc a chur le calaois agus le neamhrialtachtaí eile.

#### **AN EAGRAÍOCHT**

Is cuideachta atá corpraithe faoi theorainn ráthaíochta na cuideachta í Gael-Linn, gan scairchaipiteal. Tá Gael-Linn faoi rialú ag a Mheabhrán Comhlachais agus faoi bhainistiú ag an mBord Stiúrtha. Tá Gael-Linn cláraithe mar charthanas [tag: CHY5676].

Is í Gael-Linn máthairchuideachta an ghrúpa seo agus tá fochuideachta amháin ar lánúinéireacht aici, Cairde Gael-Linn Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta. Is cuideachta gan scairchaipiteal í Cairde Gael-Linn Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta agus tá an chuideachta sin cláraithe mar charthanas chomh maith [tag: CHY6647].

#### **RÁITEAS MISIN NA CUIDEACHTA**

Aithneofar Gael-Linn mar eagraíocht náisiúnta, atá ábharach, dinimiciúil agus tionscantach agus a chruthaíonn deiseanna tarraingteacha, inrochtana do chách chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid, mar bheocheanga ina comhthéacs cultúrtha.

## GAEL-LINN

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)

### TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2020

---

#### FOIREANN AGUS IONAIÐ OIBRE

Feidhmíonn Gael-Linn ar fud Éireann uile, thuaidh agus theas, le Ceannáras atá lonnaithe i lár Bhaile Átha Cliath agus fo-oifig in Ard Mhacha. Úsáidtear ceithre ionad eile do chúrsaí samhraidh Gaeltachta, idir chúrsaí d'aoisigh agus chúrsaí do dhéagóirí, mar atá: Gaoth Dobhair, Machaire Rabhartaigh agus Bun an Inbhir, i gContae Dhún na nGall.

#### GNÍOMHCHLÁR NA HEAGRAÍOCHTA

Fréamhaithe i dtraidisiún na heagraíochta - ceannródaíoch, tionscantaigh, praiticiúil - tá gníomhchlár Gael Linn leathan, suntasach agus spreagúil. Freastalaíonn an clár ar riachtanais na Gaeilge agus a pobail, ar bhonn praiticiúil, réalaíoch agus gairmiúil. Tá Gael-Linn ag freastal ar an bpobal, go háirithe sna réimsí óige agus oideachais, le seirbhísí, imeachtaí agus táirgí, praiticiúla, éifeachtacha. Cuimsíonn an gníomhchlár seo:

- Cúrsaí teagaisc Gaeilge d'aoisigh sa samhradh agus i rith na bliana, sa Ghaeltacht agus lasmuigh di;
- Cúrsaí teagaisc Gaeilge do dhéagóirí sa Ghaeltacht agus lasmuigh di;
- Sainchúrsaí Gaeilge do chomhlachtaí agus d'institiúidí;
- Foilsiú áiseanna tacaíochta foghlama do dhaltaí iarbhunscoile agus áiseanna teagaisc Gaeilge do mhúinteoirí;
- Raon imeachtaí do dhaltaí bunscoile a chuimsíonn spórt, na healaíona stáitse agus imeachtaí taitneamhacha eile;
- Clár imeachtaí suntasach d'iarbhunscoileanna a chuimsíonn díospóireachtaí, caint phoiblí, ceol agus déanamh cláir raidió;
- Ócáidí do mhic léinn ag an tríú leibhéal;
- Ócáidí siamsaíochta don phobal;
- Eisiúint scoth an cheoil agus na hamhránaíochta ar lipéad Gael-Linn;
- Gnóthaí cistíochta le cuidiú le maoiniú gníomhchlár Gaeilge na heagraíochta.

Le linn 2020, bhí an-rath ar na scéimeanna do dhaoine óga in ainneoin na srianta a chuir Covid-19 ar reáchtáil imeachtaí. D'éirigh linn na dúshlán a shárú trí imeachtaí ar líne a eagrú m.sh Teach le Chéile- siamsaíocht ó oirfidigh óna dtithe féin. Imeacht eile a raibh an-tóir air ná Tráth na gCeist do dhaoine óga, ar ghlac na céadta páirt ann gach seachtain. D'éirigh go maith leis na cúrsaí agus leis an gclár imeachtaí d'aoisigh a cuireadh ar fáil go fíorúil. Bhí tinreamh níos airde ná riamh ar ranganna agus reáchtáladh iad i rith an lae chomh maith leis an ghnáthsholáthar oíche. Maidir le cúrsaí foilsitheoireachta, bhí tionchar diúltach ag dúnadh na scoileanna ar orduithe ach cuireadh na foilseacháin ar fáil go leictreonach. Tréimhse thorthúil a bhí ann don lipéad ceoil, le torthaí airgeadais ar sprioc de bharr orduithe ar líne agus ioncam ríchfosa.

Le blianta beaga anuas, rinne Foras na Gaeilge athbhreithniú maidir le maoiniú na hearnála deonaí. An toradh ó thaobh Gael Linn de ná go bhfuil Gael Linn anois aitheanta ar cheann de shé cheaneagraíocht. Na feidhmeanna atá bronnta ar Gael Linn ná 'Oideachas in earnáil an Bhéarla, agus d'aoisigh agus deiseanna úsáidte do dhaltaí scoile (i ngach earnáil)'.

Tá Gael Linn ina bhall den Fhóram Comhpháirtíochta leis na ceanneagraíochtaí eile agus le Foras na Gaeilge. Ina theannta sin, bíonn Gael Linn ag plé leis an Fhóram Forbartha Teanga don oileán, atá comhdhéanta de ghrúpaí agus eagrais phobail atá maoinithe ag Foras na Gaeilge.

Forbairt shuntasach 'sea Gaelbhritach, scéim a thionscain Gael Linn chun úsáid na Gaeilge a spreagadh i scoileanna. Tá an scéim á maoiniú ag Foras na Gaeilge agus an Roinn Oideachais agus Scileanna agus tá Gael Linn ag plé le bunscoileanna agus iarbhunscoileanna. Tá an scéim seo ag dul ó neart go neart le comhpháirtíocht ó Chonradh na Gaeilge agus Glór na nGael.

## GAEL-LINN

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)

TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2020

### CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

	2020	2019
	€ '000	€ '000
Brabús/ (cailteanas) na tréimhse airgeadais	4	(116)
(Cailteanas)/brabús neamhréadaithe ar infheistíochtaí	(17)	612
Athluacháil ar shócmhainní seasta infheistíochtaí i rith na bliana	-	1,750
Iomlán gnóthacháin agus cailteanas aitheanta na tréimhse	(13)	2,246
Fuílleach ag tús na bliana	12,424	10,178
Fuílleach ag deireadh na bliana	12,411	12,424

Ag deireadh na bliana, tá €13,270,000 (2019: €13,362,000) de shócmhainní agus €859,000 (2019: €938,000) de dhócmhainní ag an ghrúpa. Tá laghdú de €13,000 (2019: méadú €2,246,000) tagtha ar ghlansócmhainní an ghrúpa.

### STRUCHTÚR AN GHRÚPA

Is í Gael-Linn máthairchuideachta an ghrúpa seo agus tá aon fóchuideachta amháin ar lánúinéireacht aici, Cairde Gael-Linn Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta (gan scairchaipiteal CHY 6647). Tá toradh na fóchuideachta ar áireamh sna grúpchuntais.

### STIÚRTHÓIRÍ

Tá liosta de na Stiúrthóirí reatha leagtha amach ar leathanach 2.

### RÁITEAS GAEL LINN MAIDIR LE TREOIRPHRIONSABAIL UM THIOMSÚ AIRGID

Tá Gael Linn tiomanta an Ráiteas de Threoirphrionsabail um Thiomsú Airgid a chomhlíonadh.

Aidhmeanna an Ráitis ná:

- Cleachtais tiomsaithe airgid a fheabhsú.
- Ardleibhéil chuntasachta agus oscailteachta a chur ar fáil do thacadóirí agus don phobal.
- Soiléire agus cinnteacht a sholáthar maidir leis na heagraíochtaí a dtugtar tacaíocht dóibh.

Bhreithnigh Gael Linn ar an Ráiteas agus creideann na stiúrthóirí go bhfuil na caighdeáin leagtha amach ann bainte amach ag Gael Linn.

Is féidir na ráitis seo a leanas a léamh ar shuíomh Gael Linn:

- Cairt Tacadóirí
- Ag Láimhseáil Aischothaithe agus Gearán
- Gealltanas i leith Caighdeáin i gCleachtas Tiomsaithe Airgid

### PRÍOMHFHIONTAIR AGUS NEAMHCHINNTEACHTAÍ

*Fiontair airgeadais: cuspóir agus polasaithe*

Úsáidtear ionstraimí airgeadais chun gnó na heagraíochta a fheidhmiú. Na príomh-fhiontair a bhaineann le hionstraimí airgeadais na heagraíochta (airgead sa bhanc agus ar lámh, rótharraingt bainc, fiachóirí agus creidmheasóirí) ná rioscaí maidir le rátaí úis, rioscaí airgeadra, rioscaí creidmheasa agus rioscaí leachtachta.

## **GAEL-LINN**

**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)**

**TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2020**

---

### *Rioscaí airgeadais agus rátaí úis*

Príomhchuspóir na heagraíochta maidir le bainistiú rátaí úis ná tionchar aon athruithe rátaí úis ar chostais úis a laghdú oiread is is féidir, ar mhaithe le dea-riaradh airgeadais.

### *Rioscaí airgeadra*

Déantar gníomhaíochtaí na heagraíochta i dTuaisceart Éireann trí sterling. Dá bhrí sin, tá riosca íseal maidir le cúrsaí airgeadra.

### *Rioscaí leachtachta agus sruth airgid*

Is é polasaí na heagraíochta maidir le rioscaí leachtachta ná a dheimhniú go bhfuil go leor acmhainní airgeadais ar fáil, idir airgead sa bhanc, rótharraingt bainc agus infheistiúcháil gearrthéarmacha, chun gach dlíteanas a shásamh de réir mar is gá.

### *Rioscaí creidmheasa*

Níl aon chomhchruinniú suntasach ag an eagraíocht maidir le rioscaí creidmheasa. Déantar dianscrúdú ar chustaiméirí nua sula bhfaigheann siad aon chreidmheas agus déantar monatóireacht rialta orthu.

### *Covid-19*

Cé nach fios go fóill an tionchar iomlán a bheidh ag Covid-19, measann na stiúrthóirí gurb iad seo na príomhrioscaí:

- moilliú ar dtús sa leibhéal gníomhaíochta le linn na tréimhse a mbeidh an dúnadh sealadach i bhfeidhm
- tréimhse éiginnte ina mbeadh srianta á leagan síos ag an Rialtas ar ghluaiseacht daoine
- baol ann go mbeadh laghdú sa ghníomhaíocht eacnamaíoch agus an geilleagar ag teacht chuige féin
- moilliú ar dtús sa leibhéal gníomhaíochta le linn na tréimhse a mbeidh an dúnadh sealadach i bhfeidhm

## **LEABHAIR CHUNTASAÍOCHTA**

Chun leabhair chearta cuntasaíochta a choimeád de réir altanna 281 go 285 d'Acht na gComlachtaí 2014, tá foireann cháilithe cuntasaíochta fostaithe ag na stiúrthóirí agus tá córais ríomh-chuntasaíochta coinnithe acu. Coimeádtar na leabhair ag an oifig chláraithe ag 35 Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2.

## **FORBAIRTÍ AMACH ANSEO**

Níl na stiúrthóirí ag súil aon mhórathruithe a dhéanamh ar nádúr na hoibre sa neas-todhchaí. Agus na cuntais airgeadais á n-údarú, leanann an tír i ngreim ráig den Chorona Víreas atá i ndiaidh cur isteach ar imeachtaí na cuideachta ó thús na bliana. Tá na stiúrthóirí dóchasach, áfach, go mbeidh an chuideachta faoi lánseol a luaithe a mbeidh na srianta ardaíthe ag an Rialtas.

## **RÁITEAS AR EOLAS INIÚCHÓIREACHTA ÁBHARtha**

Dearbhaíonn gach duine a bhí mar stiúrthóir ag an am a ceadáodh Tuarascáil na Stiúrthóirí:

- go bhfios don stiúrthóir, níl aon eolas iniúchóireachta ábhartha i ngan fhios d'iniúchóirí na cuideachta, agus
- rinne an stiúrthóir gach beart agus ba cheart dó chun a bheith i bhfios maidir le heolas iniúchóireachta ábhartha agus chun baint amach go bhfuil iniúchóirí na cuideachta eolach faoi chomh maith.

## **IMEACHTAÍ TAR ÉIS DÁTA AN CHLÁIR COMHARDAITHE**

Ní raibh aon imeachtaí iarmhartha suntasacha a thabharfadh orainn aon nochtadh nó leasú a dhéanamh i leith na ráiteas airgeadais. seachas tionchar leanúnach Covid-19 atá á láimhseáil ag an gcuideachta agus a thosaigh roimh dháta an chláir chomhardaithe.

## **GAEL-LINN**

**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)**

### **TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2020**

---

#### **CÁIN**

Níl aon cháin le hóc ag an gcuideachta de bharr forálacha Ailt 207 agus 208 d 'Acht Cánacha Comhdhlúite 1997 (uimhir charthanachta CHY 5676).

#### **INIÚCHÓIRÍ**

Chuir Crowe Ireland in iúl go bhfuil siad toilteanach leanúint in oifig de réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014.

#### **THAR CEANN AN BHOIRD :**

Pádhraic Ó Ciardha

)

Wayne Mac Feilimí

)

**Stiúrthóirí**

**Dáta :** 25 Meitheamh 2021



## **GAEL-LINN**

**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)**

### **TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA DO CHOMHALTAÍ GAEL-LINN**

---

#### **TUAIRISC AR INIÚCHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS**

##### **BARÚIL**

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Gael-Linn don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 comhdhéanta de chuntas ioncain agus caiteachais, ráiteas ar ioncam cuimsitheach eile, clár comhardaithe, ráiteas ar athruithe i gcothromas agus nótaí ar na cuntais, lena n-áirítear an achoimre ar na beartais chuntasaíochta suntasacha. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm in ullmhú na ráiteas airgeadais ná dlí na hÉireann agus Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 'An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann'.

Déantar an tuarascáil seo a thíolacadh do bhaill na cuideachta amháin, mar ghrúpa, de réir Ailt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Rinneadh ár gcuid oibre iniúchta le go bhféadfaimis a chur in iúl do bhaill na cuideachta na gnóthaí úd, a bhfuil dualgas orainn a thuairisciú dóibh, agus ní ar aon chúis eile. Chomh fada agus is féidir de réir an dlí, ní ghlacaimid orainn féin le freagracht d'éinne seachas an chuideachta agus baill na cuideachta, mar ghrúpa, as ár gcuid oibre iniúchta, as an tuarascáil seo nó as na tuairimí atá ceaptha againn.

Is é ár mbarúil ar na ráitis airgeadais ná:

- go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar na sócmhainní, ar na dlíteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta ag 31 Nollaig 2020 agus ar a bhrabús don bhliain dar críoch;
- go bhfuil na ráitis ullmhaithe i gceart de réir Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 'An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann'; agus
- go bhfuil na ráitis ullmhaithe i gceart de réir riachtanais Acht na gCuideachtaí 2014.

##### **BONN NA TUAIRIME**

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht (Éire) (ISAs (Éire)) agus an dlí is infheidhme. Déantar cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin i roinn ár dtuarascáil 'Freagrachtaí an Iniúchóra maidir le hIniúchadh na Ráitis Airgeadais'. De réir na gceanglas eiticíúil atá ábhartha maidir lenár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticíúil arna eisiúint ag an Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), táimid neamhspleách ón chuideachta, agus tá ár bhfreagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta de réir na gceanglas seo.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchta a fuair muid leordhóthanach agus cuí chun bonn a sholáthar dár dtuairim.

##### **TÁTAL MAIDIR LE GNÓTHAS LEANTACH**

Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh againn, tháinig muid ar an gconclúid gur bhfuill úsáid den bhonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta na stiúirthóirí oiriúnach in ullmhú na ráiteas Airgeadais.

Bunaithe ar an obair atá déanta, níl aon neamhchinnteacht ábhartha aitheanta againn a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha atá, ina n-aonair nó i dteannta a chéile, a d'fhéadfadh amhras suntasach a léiriú faoi chumas na Cuideachta leanúint le glacadh leis an ngnóthas leantaigh cuntasaíochta ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta a údaraítear na ráitis airgeadais le haghaidh eisiúna.

Is é an fhreagracht atá orainn agus freagracht na stiúirthóirí maidir le gnóthas leantach le léiriú sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

## **GAEL-LINN**

**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)**

### **TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA DO CHOMHALTAÍ GAEL-LINN**

---

#### **EOLAS EILE**

Tá na stiúrthóirí freagrach as an eolas eile. Cuimsíonn an t-eolas eile an t-eolas atá san áireamh sa tuarascáil bhliantúil seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil na nIniúcháirí orthu. Ní chuimsíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile agus, ach amháin sa mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite inár dtuarascáil, ní léirímid aon chineál de chonclúid dearbhaithe orthu.

Maidir lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is é an fhreagracht atá orainn ná an t-eolas eile a léamh agus, dá bharr sin, breithniú an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go bunúsach leis na ráitis airgeadais nó ár n-eolas a fuarthas i rith an iniúchta, nó go bhfuil neamhréir ábhartha ar aon slí eile. Má aithnímid neamhréireachtaí ábhartha den sórt sin nó míthuairiscí ábhartha follasach, ní mór dúinn a chinneadh an bhfuil aon míthuairisc ábhartha sna ráitis airgeadais nó mífhaisnéis ábhartha san eolas eile. Má chinneann muid go bhfuil míráiteas ábhartha san eolas eile seo bunaithe ar an obair a rinneamar, tá dualgas orainn an fíoras sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú maidir leis seo.

#### **TUAIRIMÍ MAIDIR LE NITHE EILE A FHORORDAÍTEAR FAOI ACHT NA GCUIDEACHTAÍ 2014**

Bunaithe go hiomlán ar an obair a rinneadh le linn an iniúchta, tuairiscímid:

- Gurb é ár mbreithiúnas go gcloíonn an t-eolas i dTuarascáil na Stiúrthóirí leis na ráitis airgeadais; agus
- gurb é ár mbreithiúnas gur ullmhaíodh Tuarascáil na Stiúrthóirí de réir na gceanglas dlíthiúil is infheidhme.

Tá gach eolas agus mínithe faighte againn a gceapaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta.

Is é ár dtuairim go raibh taifid chuntasafóchta na Cuideachta leordhóthanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus go cuí, agus go bhfuil na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntais.

#### **ÁBHAIR AR A gCAITHFIMID A THUAIRISCIÚ TRÍ EISCEACT**

Bunaithe ar an eolas agus ar an tuiscint den chuideachta agus a dtimpeallacht a fuarthas i gcúrsa an iniúchta, níor aithin muid mí-thuairiscí ábhartha i dTuarascáil na Stiúrthóirí.

Éilíonn Acht na gCuideachtaí 2014 orainn a thuairisciú dá mba rud é, inár dtuairim, nach raibh nochta luach saothair na stiúrthóirí agus idirbhearta atá sonraithe faoi ailt 305 go 312 den Acht. Níl aon ní le tuairisciú maidir leis seo.

#### **FREAGRACHTAÍ FAOI SEACH**

##### **FREAGRACHTAÍ STIÚRTHÓIRÍ I LEITH NA RÁITEAS AIRGEADAIS**

Mar a mhínítear níos iomláine i Ráiteas Freagrachtaí na Stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus a bheith sásta go dtugann siad dearcadh fíor agus cothrom, agus maidir le rialú inmheánach den sórt sin a mheasann na stiúrthóirí is gá chun an t-ullmhúchán de na ráitis airgeadais atá saor ó mhíráiteas ábhartha a chumasú, cibé acu mar gheall ar chalaíocht nó ar earráid.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na cuideachta leanúint mar ghnóthas leanúnach, ag nochtheadh, mar is infheidhme, nithe a bhaineann le gnóthas leantach agus úsáid den bhonn gnóthais leantaigh cuntasafóchta mura bhfuil sé i gceist ag an mbainistíocht an chuideachta a leachtú nó deireadh a chur le hoibríochtaí, nó nach bhfuil aon rogha réalaíoch eile acu ach é sin a dhéanamh.

## **GAEL-LINN**

**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)**

### **TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA DO CHOMHALTAÍ GAEL-LINN**

---

#### **FREAGRACHTAÍ INIÚCHÓIRÍ I LEITH INIÚCHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS**

Is iad na cuspóirí atá againn ná dearbhú réasúnta a fháil má tá na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar earráid, agus chun Tuarascáil na nIniúcháirí a eisiúint ina n-áirítear ár dtuairim. Is ardleibhéal dearbhú é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir ISAs (Éire) mí-thuirisc ábhartha i gcónaí nuair atá sé ann. Is féidir míráiteas a tharlú as calaos nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é go ina n-aonar nó ina hiomláine, go bhféadfaí a bheith ag súil go réasúnach iad a dul i gcion ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a glacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Tá cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí maidir le hiniúchadh na ráiteas airgeadais suite ar shuíomh gréasáin an IAASA ag [https://www.iaasa.ie/Publications/ISA-700-\(Ireland\)](https://www.iaasa.ie/Publications/ISA-700-(Ireland)). Tá an cur síos seo mar chuid dár dTuarascáil Iniúcháirí.

**Síniú: Ros Áine Nic Anluain**

**Ar son agus thar ceann:**

**Crowe Ireland**

**Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúil**

**Teach na Mara**

**Plás Chlann Liam**

**Baile Átha Cliath 2**

**Dáta:** 23 Iúil 2021

**GAEL-LINN****(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)****CUNTAS IONCAM AGUS CAITEACHAIS AN GHRÚPA DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2020**

	NÓTAÍ	2020 € '000	2019 € '000
<b>IONCAM</b>	5	1,641	2,413
Costas na n-earraí díolta		(549)	(1,385)
<b>BARRACHAS COMHLÁN</b>		1,092	1,028
Teacht isteach eile	6	370	370
<b>IOMLÁN TEACHT ISTEACH</b>		1,462	1,398
Imchostais oibriúcháin		(1,458)	(1,514)
<b>BRABÚS/(CAILLTEANAS) ROIMH CHÁIN</b>	7	4	(116)
Cáin	9	-	-
<b>BRABÚS/(CAILLTEANAS) TAR ÉIS CÁNACH</b>		4	(116)

**RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH EILE DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2020**

	2020 € '000	2019 € '000
<b>BRABÚS/(CAILLTEANAS) DON BHLIAIN</b>	4	(116)
(Caillteanas) / gnóthachán neamhréadaithe ar infheistíochtaí	(17)	612
Athluacháil ar shócmhainní seasta infheistíochtaí i rith na bliana	-	1,750
<b>IONCAM CUIMSITHEACH IOMLÁN DON BHLIAIN</b>	(13)	2,246

**GAEL-LINN****(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)****CLÁR COMHARDAITHE AN GHRÚPA AR 31 NOLLAIG 2020**

	<b>Notáí</b>	<b>2020</b> <b>€ '000</b>	<b>2019</b> <b>€ '000</b>
<b>SÓCMHAINNÍ SEASTA</b>			
Sócmhainní seasta inláimhsithe	10	919	949
Sealúchas infheistíochta	11	6,000	6,000
Infheistíochtaí inmhargaidh	12	5,094	5,612
Sócmhainní do-láimhsithe	13	-	-
		<u>12,013</u>	<u>12,561</u>
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>			
Stoc	14	57	69
Fiachóirí agus réamhíocaíochtaí	15	185	217
Airgead sa bhanc agus ar láimh	16	1,015	515
		<u>1,257</u>	<u>801</u>
<b>DÓCMHAINNÍ REATHA</b>			
Creidmheasóirí agus costais fhabhráithe	18	(859)	(938)
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA GLAN</b>			
		<u>398</u>	<u>(137)</u>
<b>SÓCMHAINNÍ LÚIDE DÓCMHAINNÍ</b>			
		<u>12,411</u>	<u>12,424</u>
<b>COMHDHÉANTA MAR A LEANAS:</b>			
<b>FÚILLEACH AG DEIREADH NA BLIANA</b>		9,324	9,337
<b>CÚLCHISTE EILE</b>		3,087	3,087
		<u>12,411</u>	<u>12,424</u>

Bhí na ráitis airgeadais formheasta agus údaraithe le haghaidh eisiúna ag an mBord Stiúrtha ar an 25 Meitheamh 2021 agus sínithe thar ceann an Bhoird ag:

Pádhraic Ó Ciardha )  
Stiúrthóirí  
Wayne Mac Feilimí )

**GAEL-LINN****(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)****CLÁR COMHARDAITHE NA CUIDEACHTA AR 31 NOLLAIG 2020**

	<b>Notáí</b>	<b>2020 € '000</b>	<b>2019 € '000</b>
<b>SÓCMHAINNÍ SEASTA</b>			
Sócmhainní seasta inláimhsithe	10	919	949
Sealúchas infheistíochta	11	6,000	6,000
Infheistíochtaí inmhargaidh	12	5,094	5,612
Sócmhainní do-láimhsithe	13	-	-
		<u>12,013</u>	<u>12,561</u>
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>			
Stoc	14	57	69
Fiachóirí agus réamhíocaíochtaí	15	157	183
Airgead sa bhanc agus ar láimh	16	1,014	514
		<u>1,228</u>	<u>766</u>
<b>DÓCMHAINNÍ REATHA</b>			
Creidmheasóirí agus costais fhabhraithe	18	(912)	(985)
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA GLAN</b>			
		<u>316</u>	<u>(219)</u>
<b>SÓCMHAINNÍ LÚIDE DÓCMHAINNÍ</b>			
		<u>12,329</u>	<u>12,342</u>
<b>COMHDHÉANTA MAR A LEANAS:</b>			
<b>FÚILLEACH AG DEIREADH NA BLIANA</b>		9,242	9,255
<b>CÚLCHISTE EILE</b>		3,087	3,087
		<u>12,329</u>	<u>12,342</u>

Bhí na ráitis airgeadais formheasta agus údaraithe le haghaidh eisiúna ag an mBord Stiúrtha ar an 25 Meitheamh 2021 agus sínithe thar ceann an Bhoird ag:

Pádhraic Ó Ciardha )  
Stiúrthóirí  
Wayne Mac Feilimí )

**GAEL-LINN****(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)****RÁITEAS AR ATHRUITHE i gCOTHROMAS AN GHRÚPA DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2020**

---

	<b>Cúlchiste Ioncaim € '000</b>	<b>Cúlchiste Eile € '000</b>	<b>Iomlán € '000</b>
Fuílleach ag tús na bliana	9,337	3,087	12,424
Brabús don bhliain	4	-	4
Brabús neamhréadaithe ar infheistíochtaí	(17)	-	(17)
	<hr/>	<hr/>	<hr/>
Fuílleach ag deireadh na bliana	<u>9,324</u>	<u>3,087</u>	<u>12,411</u>

**RÁITEAS AR ATHRUITHE i gCOTHROMAS AN GHRÚPA DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019**

---

	<b>Cúlchiste Ioncaim € '000</b>	<b>Cúlchiste Eile € '000</b>	<b>Iomlán € '000</b>
Fuílleach ag tús na bliana	8,841	1,337	10,178
Caillteanas don bhliain	(116)	-	(116)
Caillteanas neamhréadaithe ar infheistíochtaí	612	-	612
Athluacháil ar shócmhainní seasta infheistíochtaí i rith na bliana	-	1,750	1,750
	<hr/>	<hr/>	<hr/>
Fuílleach ag deireadh na bliana	<u>9,337</u>	<u>3,087</u>	<u>12,424</u>

**GAEL-LINN****(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)****RÁITEAS AR ATHRUITHE i gCOTHROMAS NA CUIDEACHTA DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2020**

---

	<b>Cúlchiste Ioncaim € '000</b>	<b>Cúlchiste Eile € '000</b>	<b>Iomlán € '000</b>
Fuílleach ag tús na bliana	9,255	3,087	12,342
Caillteanas don bhliain	4	-	4
Brabús neamhréadaithe ar infheistíochtaí	(17)	-	(17)
Fuílleach ag deireadh na bliana	<u>9,242</u>	<u>3,087</u>	<u>12,329</u>

**RÁITEAS AR ATHRUITHE i gCOTHROMAS NA CUIDEACHTA DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2019**

---

	<b>Cúlchiste Ioncaim € '000</b>	<b>Cúlchiste Eile € '000</b>	<b>Iomlán € '000</b>
Fuílleach ag tús na bliana	8,759	1,337	10,096
Caillteanas don bhliain	(116)	-	(116)
Caillteanas neamhréadaithe ar infheistíochtaí	612	-	612
Athluacháil ar shócmhainní seasta infheistíochtaí i rith na bliana	-	1,750	1,750
Fuílleach ag deireadh na bliana	<u>9,255</u>	<u>3,087</u>	<u>12,342</u>



**GAEL-LINN****(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal)****RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH****31 NOLLAIG 2020**

	<b>2020</b>	<b>2019</b>
	<b>€ '000</b>	<b>€ '000</b>
<b>SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN</b>		
Brabús/(caillteanas) don bhliain	4	(116)
<b>Coigeartaithe le haghaidh:</b>		
Dímheas agus amúchadh	45	40
Ús isteach	(2)	(2)
Laghdú / (Méadú) i bhfiachóirí	33	(68)
( Laghdú) / Méadú i gcreidmheasóirí	(79)	61
Laghdú i stoc	12	17
<b>GLAN-AIRGEAD Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN</b>	<u>13</u>	<u>(68)</u>
<b>SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA</b>		
Ceannacháin de ghléasra maoinne agus trealaimh	(15)	(34)
Fáltais ó dhiúscairt infheistíochtaí	500	-
Ús isteach	2	2
<b>GLAN-AIRGEAD Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA</b>	<u>487</u>	<u>(32)</u>
<b>MÉADÚ /(LAGHDÚ) GLAN AR AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉIS AIRGID</b>		
	500	(100)
Airgead tirim agus coibhéis airgid ag tús na bliana	515	615
<b>AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉIS AIRGID AG DEIREADH NA BLIANA</b>	<u>1,015</u>	<u>515</u>
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	<u>1,015</u>	<u>515</u>

## **1. EOLAS GINEARÁLTA**

Aithneofar Gael-Linn mar eagraíocht náisiúnta, atá ábharach, dinimiciúil agus tionscantach agus a chruthaíonn deiseanna tarraingteacha, inrochtana do chách chun an Ghaeilge a fhoghlaim agus a úsáid, mar bheoheanga ina comhthéacs cultúrtha. Tá an oifig cláraithe ar 35 Sráid an Dáma, BÁC 2.

Is cuideachta atá corpraithe faoi theorainn ráthaíochta na cuideachta í Gael-Linn, corpraithe agus sainchónaithe in Éirinn. Tá an chuideachta lonnaithe in Éirinn chun críocha cánacha ach níl aon cháin le híos ag an gcuideachta de bharr forálacha Ailt 207 agus 208 d 'Acht Cánacha Comhdhlúite 1997 (uimhir charthanachta CHY 5676).

Tá na beartais chuntasaíochta suntasacha atá glactha agus curtha i bhfeidhm go seasta ag an gCuideachta agus in ullmhú na ráiteas airgeadais leagtha amach thíos.

## **2. RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA**

### **2.1 BUNÚS AN ULLMHÚCHÁIN AR NA RÁITEAS AIRGEADAIS**

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bonn gnóthais leantaigh agus de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil arna mhodhnú chun míreanna áirithe a áireamh ag luach cóir. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" ("CTA 102") agus reacht na hÉireann atá comhdhéanta d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Éilíonn ullmhúchán ráiteas airgeadais de réir CTA 102 úsáid mheastacháin chuntasaíochta chriticiúla áirithe. Éilíonn sé freisin bainistíocht bhreithiúnais a fheidhmiú agus beartais chuntasaíochta na cuideachta á gcur i bhfeidhm (féach nóta 3).

### **2.2 IONCAM**

Aithnítear ioncam sa mhéid is gur dócha go mbeidh na buntáistí eacnamaíochta i ndán don chuideachta agus is féidir an t-ioncam a thomhas go hiontaoifa. Tá ioncam á thomhas mar luach cóir na comaoine a fuarthas nó atá infhaighte, gan lascainí, lacáistí, cáin bhreisluacha agus cánacha d'fóilacháin eile.

#### ***Earraí a dhíol***

Aithnítear ioncam ó dhíolachán earraí nuair a bhíonn gach ceann de na coinníollacha seo a leanas comhlíonta:

- tá riosca agus luach saothair suntasach úinéireachta aistrithe chuig an cheannaitheoir ag an chuideachta;
- ní choinníonn an chuideachta an ghnáthpháirtíocht bainistíochta leanúnach a aithnítear le húinéireacht, ná rialú éifeachtach ar na hearraí a ndíoltar;
- is féidir an méid ioncaim a thomhas go hiontaoifa;
- is dócha go bhfaighidh an chuideachta an chomaoin dlite faoin idirbheart;
- is féidir na costais a caitheadh nó a chaithear i leith an idirbhirt a thomhas go hiontaoifa.

## 2. RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)

### 2.2 IONCAM (AR LEAN)

#### *Seirbhísí a chur ar fáil*

Aithnítear ioncam ó chonradh chun seirbhísí a chur ar fáil sa tréimhse ina gcuirfear ar fáil iad de réir na gcéimeanna comhlánaithe den chonradh nuair atá gach ceann de na coinníollacha seo a leanas comhlánta:

- is féidir an méid ioncaim a thomhas go hiontaoifa;
- is dócha go bhfaighidh an chuideachta an chomaoin dlite faoin chonradh;
- is féidir an chéim comhlánaithe den chonradh ag deireadh na tréimhse tuairiscithe a thomhas go hiontaoifa, agus;
- is féidir na costais a tabhaíodh agus na costais chun an conradh a chur i gcrích a thomhas go hiontaoifa.

### 2.3 BUNÚS COMHDHLÚTHAITHE

Tógann na grúpráitis airgeadais, ráiteas airgeadais na cuideachta agus a fochuideachta san áireamh tar éis gach idirbheart agus fuílleach gaolmhar a bheith curtha as.

### 2.4 STOC

Maidir le luacháil stoic, glactar leis an mbunchostas nó luach an stoic ar an margadh, cibé is lú.

Gach bliain, déantar measúnú ar na stoic maidir le lagú. Má tá stoc lagaithe, tá an tsuim ghlanluacha laghdaithe go dtí an praghas chun é a dhíol lúide costais chun é a chur i gcrích agus a dhíol. Aithneofar an cailteanas bearnaithe láithreach i mbrabús nó cailteanas.

### 2.5 SÓCMHAINNÍ SEASTA

Taispeántar na sócmhainní seasta ar a gcostas lúide dímheas carnaithe.

Meastar dímheas ar mhodh na líne díriú ionas go ndíscríobhtar na sócmhainní seasta thar an tréimhse go mbíonn siad inúsáidte. Is iad seo a leanas na príomhrátaí dímheasa:

Troscán agus Uirlisí Oifige	-	20% - 33 1/3%
Sealúchas Saorsheilbhe	-	1 2/3% (Foirgnimh amháin)

### 2.6 SEALÚCHAS INFHEISTÍOCHTA

Taispeántar sealúchas infheistíochta ar luach an mhargaidh agus ní dhéantar dímheas air.

### 2.7 SÓCMHAINNÍ DO-LÁIMHSITHE

Déantar an costas a bhaineann leis na cearta a fuarthas caipitlithe sa chlár, a chomhardú agus a amúchadh thar thréimhse chúig bliana, an saol úsáideach de na cearta faighte.

### 2.8 INFHEISTÍOCHTAÍ INMHARGAIDH

Taispeántar infheistíochtaí inmhargaidh ar luach an mhargadh oscailte ag 31 Nollaig 2020. Cuimsítear gníomhaíochtaí na tréimhse in ioncaim ó infheistíochtaí.

## 2. RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)

### 2.9 FIACHÓIRÍ

Is ag praghas idirbheart atá na fiacha gearrthearma tomhaiste, lúide aon lagú. Is ar luach cothrom, gan costais idirbhirt atá iasachtaí infhaighte tomhaiste ar dtús, agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ag costas amúchta, lúide aon lagú.

### 2.10 AIRGEAD AGUS COIBHÉIS AIRGID

I measc airgead tirim agus coibhéis airgid, tá airgead ar láimh, taiscí prapéileamh agus infheistíochtaí gearrthearmacha leachtach eile le haibíocht bhunaidh de thrí mhí nó níos lú. Taispeántar rótharraingtí bainc laistigh d'iasachtaí i ndlíteanais reatha ar an gclár comhardaithe.

### 2.11 CREIDMHEASÓIRÍ

Rangaítear creidmheasóirí mar dhlíteanais reatha má bhíonn íocaíocht dlíte laistigh de bhliain amháin nó níos lú. Mura bhfuil, rangaítear mar dhlíteanais neamhreatha iad. Aithnítear creidmheasóirí ar dtús ar an phraghas idirbheart agus tomhaistear ina dhiaidh sin ag a gcostas amúchta ag baint úsáide as an modh úis éifeachtach.

### 2.12 AISTRÍÚCHÁIN AIRGEADRA EACHTRACH

#### *Airgeadra feidhmiúil agus láithreoireachta*

Is é Euro airgeadra feidhmiúil na cuideachta.

#### *Idirbhearta agus iarmhéideanna*

Aistrítear idirbhearta airgeadra eachtrach go hairgeadra feidhmiúil le spotrátaí ar dhátaí na n-idirbheart.

Ag deireadh gach tréimhse, aistrítear míreanna airgeadaíochta airgeadra eachtrach leis an ráta reatha. Aistrítear míreanna neamhairgeadaíochta tomhaiste ag costas stairiúil leis an ráta malairte ar dháta an idirbhirt agus aistrítear míreanna neamhairgeadaíochta tomhaiste ag luach cóir ag an ráta nuair a dearbhaíodh an luach cóir.

Tá gnóthacháin agus cailíteanais airgid eachtraigh a bhaineann le hiasachtaí agus airgead tirim agus coibhéis airgid léirithe sa Chuntas sochair agus dochair.

### 2.13 BUNTÁISTÍ FOSTAITHE

Nuair a thugtar seirbhís don chuideachta, aithnítear na buntáistí fostaithe gearrthearmacha dá bhfuil na fostaithe i dteideal ag an méid neamh-lascainithe a bhfuiltear ag súil go n-íoctar mar mhalairt ar an tseirbhís sin.

**2. RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)**

**2.14 SCÉIM PINSIN**

Cuireadh críoch leis an scéim phinsin socharshainithe in 2016.

Feidhmíonn an chuideachta scéim ranníocaíochta sainithe do roinnt dá cuid fostaithe. Is plean pinsin é plean ranníocaíochta sainithe faoina n-íocann an chuideachta ranníocaíochtaí seasta isteach in aonán ar leith. Nuair atá na ranníocaíochtaí íoctha ag an gcuideachta níl aon oibleagáidí íocaíochtaí eile.

Aithnítear na ranníocaíochtaí mar chostas sa chuntas Brabúis agus Caillteanais nuair atá siad infhaighte. Taispeántar méideanna nár íocadh i bhfabhrúithe mar dhliteanas sa Chlár Comhardaithe. Coinnítear sócmhainní an phlean go leithleach ón chuideachta i gcistí riartha go neamhspleách.

**2.15 DEONTAIS RIALTAIS**

Tógtar na deontais reatha san áireamh sa bhliain ina mbíonn siad iníoctha sa chuntas sochair agus dochair. Scaoiltear an ghné chaipitil de dheontais thar a saol úsáideach go dtí an ioncam agus caiteachas.

**2.16 ÚS ISTEACH**

Áirítear ioncam ó chistí curtha i dtaisce agus infheistíochtaí gearrthéarmacha mar ioncam sa chuntas ioncaim agus caiteachais. Tugtar cuntas sa bhliain inar éirigh sé.

**2.17 IDIRBHEARTA PÁIRTITHE GAOLMHARA**

Tá idirbhearta le páirtithe gaolmhara nach bhfuil faoi úinéireacht iomlán leis an ngrúpa céanna nochta ag an chuideachta. Níl idirbhearta le baill den ghrúpa céanna atá faoi úinéireacht iomlán nochta ag an chuideachta.

**3. BREITHIÚNAS AR CHUR i BHFEIDHM BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA AGUS PRÍOMH-FHOINSÍ MEASTACHÁIN NEAMHCHINNTE**

Éilíonn ullmhú na ráiteas airgeadais seo ar bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a bhfuil éifeacht acu ar fheidhmiú na mbeartas agus ar na suimeanna de shócmhainní agus dliteanas, ioncaim agus costais.

Déantar measúnú leanúnach ar bhreithiúnais agus meastacháin agus tá siad bunaithe ar thairbhí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear meastacháin maidir le himeachtaí amach anseo a meastar a bheith réasúnach sna himthosca.

Déanann an chuideachta meastacháin agus boinn tuisceana a bhaineann leis an todhchaí. De ghnáth, ní bheidh na meastacháin chuntasaíochta seo cothrom leis na torthaí iarbhrí. Pléitear thíos na meastacháin agus boinn tuisceana a bhfuil príacal tábhachtach ann go mbeadh coigeartú ábhartha le déanamh ar shuimeanna glanluacha de na sócmhainní agus na ndlíteanas laistigh den chéad bhliain airgeadais eile.

## GAEL-LINN

(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)

NÓTAÍ AR NA GRÚPCHUNTAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2020

### 3. BREITHIÚNAS AR CHUR i BHFÉIDHM BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA AGUS PRÍOMH-FHOINSÍ MEASTACHÁIN NEAMHCHINNTE (AR LEAN)

#### (a) Saol measta do dhímheas maoin, innealra agus trealaimh

Is cuid shuntasach de na sócmhainní iomlána iad sócmhainní fadsaolach, go sonrach, maoin, innealra agus trealamh. Braitheann an muirear dímheasa bhliantúil go príomha ar an saol measta de gach cineál sócmhainne agus meastachán ar luachanna iarmharacha. Déanann na stiúrthóirí athbhreithniú rialta ar shaolta na sócmhainní agus athraítear iad mar is gá chun an tuairim reatha ar an saol atá fágtha a léiriú. Déanann siad seo i bhfianaise úsáid eacnamaíoch ionchais agus riocht fisiciúil na sócmhainní. Is féidir go mbeadh tionchar suntasach ar mhuirir dhímheasa agus amúchta don tréimhse mar gheall ar athruithe i saol sócmhainne.

#### (b) Soláthar d'fhiacha amhrasacha

Déanann an chuideachta meastachán ar luach inghnóthaithe na bhféichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile. Úsáideann an comhlacht meastachán bunaithe ar thaithí stairiúil chun cinneadh a dhéanamh ar leibhéal na bhfiachas a chreideann siad nach mbeidh bailithe. San áireamh sna meastacháin seo, tá tosca ar nós ráta creidiúnaithe an fhiachóra, an phróifíl aosaithe féichiúnaithe agus taithí stairiúil. Dá mbeadh aon laghdú suntasach ar leibhéal na gcustaiméirí a dhéanann mainneachtain ar íocaíochtaí nó feabhsuithe suntasacha eile mar thoradh ar laghdú ar leibhéal an soláthar do dhrochfhiacha, bheadh dea-thionchar ar na torthaí oibriúcháin. Déantar athbhreithniú ar leibhéal an tsoláthair ar bhonn leanúnach.

#### (c) Gnóthas Leantach

Léiríonn buiséid agus teilgin sruthaithe airgid atá réitithe ag na stiúrthóirí, go ceann ar a laghad 12 mí ón dáta ar glacadh leis na ráitis airgeadais, nach bhfuil aon amhras faoi acmhainn na cuideachta a cuid dlíteanas a íoc de réir mar a éireoidh siad agus go mbeidh sí ina gnóthas leantach. Ar an mbonn sin, measann na stiúrthóirí gur mar gnóthas leantach is cuí na ráitis airgeadais a ullmhú.

### 4. IONCAM

'Sé ioncam gach cúlchiste ó fhoinsí a dhéanann an chuideachta, deontais agus ríchíosanna.

### 5. FOINSÍ IONCAIM

	2020	2019
	€ '000	€ '000
Cistíocht	374	567
Deontais	959	994
Múineadh na Gaeilge	32	503
Foinsí eile	276	349
	<u>1,641</u>	<u>2,413</u>

### 6. FOINSÍ CISTIÚCHÁIN- ACHMAINNÍ ISTEACH EILE

	2020	2019
	€ '000	€ '000
Ioncam ó infheistíochtaí	2	2
Cíos	368	368
	<u>370</u>	<u>370</u>

**GAEL-LINN****(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)****NÓTAÍ AR NA GRÚPCHUNTAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2020****7. EASNAMH ROIMH CHÁIN**

Taispeántar an toradh roimh cháin tar éis na muirir seo a leanas a íoc (a fháil).

	<b>2020</b>	<b>2019</b>
	<b>€ '000</b>	<b>€ '000</b>
Dímheas	44	37
Dímheas - sócmhainní do-láimhsithe	-	5
(Brabús)/caillteanas ar airgeadraí eachtracha	(2)	2
	<u>42</u>	<u>44</u>

**8. FOIREANN AGUS COSTAIS FOIRNE**

An meánlíon daoine (príomhfheidhmeannach san áireamh) fostaithe i rith na tréimhse airgeadais ná 23 (2019: 22).

Comhiomlán na méideanna iníoctha go dtí nó thar ceann na foirne ná iad seo a leanas:

	<b>2020</b>	<b>2019</b>
	<b>€ '000</b>	<b>€ '000</b>
Pá agus tuarastail	930	860
Árachas sóisialach pá-choibhneasa na bhfostóirí	86	81
Costais phinsin	95	76
	<u>1,111</u>	<u>1,017</u>

Líon na bhfostaithe ar thuarastal:

	<b>2020</b>	<b>2019</b>
€120,000 - €130,000	1	-
€110,000 - €120,000	-	1
	<u>1</u>	<u>1</u>

Níl ÁSPC fostóra ná ranníocaíochtaí pinsin san áireamh.

**8.1 AN BORD STIÚRTHA**

Ní fhaigheann aon bhall den chuideachta tuarastal nó aon bhrabús pearsanta as an gcuideachta de dheasca a bheith ina stiúrthóir.

**9. CÁIN**

De réir forálacha Ailt 207 agus 208, An tAcht Cánacha Comhdhlúite 1997, tá an Chuideachta (uimhir charthanachta CHY 5676) díolmhaithe ó cháin toisc gur bunaíodh í le haghaidh cuspóirí carthanachta amháin.

**GAEL-LINN****(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)****NÓTAÍ AR NA GRÚPCHUNTAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2020****10. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE AN GHRÚPA AGUS NA CUIDEACHTA**

	<b>Sealúchas saorsheibhe € '000</b>	<b>Troscán uirlisí oifige € '000</b>	<b>Iomlán € '000</b>
<b>COSTAIS/LUACHÁIL</b>			
Ag 1 Eanáir 2020	1,000	774	1,774
Ceannacháin	-	15	15
Díolachán	-	(679)	(679)
Ag 31 Nollaig 2020	<u>1,000</u>	<u>110</u>	<u>1,110</u>
<b>DÍMHEAS</b>			
Ag 1 Eanáir 2020	117	708	825
Díolachán	-	(679)	(679)
Costas	17	28	45
Ag 31 Nollaig 2020	<u>134</u>	<u>57</u>	<u>191</u>
<b>FUÍLLEACH</b>			
Ag 31 Nollaig 2020	<u>866</u>	<u>53</u>	<u>919</u>
Ag 31 Nollaig 2019	<u>883</u>	<u>66</u>	<u>949</u>

**11. SEALÚCHAS INFHEISTÍOCHTA AN GHRÚPA AGUS NA CUIDEACHTA**

	<b>2020 € '000</b>	<b>2019 € '000</b>
Luach ag tús na bliana	6,000	4,250
Gnóthachán i rith na bliana	-	1,750
Luach ag deireadh na bliana	<u>6,000</u>	<u>6,000</u>

Taispeántar sealúchas infheistíochta ar luach an mhargaidh €6,000,000. Rinne Finnegan Menton Property Consultants an luacháil is deireanaí ar 21 Samhain 2019.

Ba é costas stairiúil an sealúchas infheistíochta ná € 2,912,808.



**GAEL-LINN****(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)****NÓTAÍ AR NA GRÚPCHUNTAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2020****12. INFHEISTÍOCHTAÍ INMHARGAIDH AN GHRÚPA AGUS NA CUIDEACHTA**

	<b>2020</b>	<b>2019</b>
	<b>€ '000</b>	<b>€ '000</b>
Luach ag tús na bliana	5,611	5,000
(Laghdú)/meadú i rith na bliana	(17)	612
Díolachán	(500)	-
Luach ag deireadh na bliana	<u>5,094</u>	<u>5,612</u>

Taispeántar sócmhainní seasta infheistíochta ar luach an mhargaidh ag 31 Nollaig 2020.

**13. SÓCMHAINNÍ DO-LÁIMHSITHE AN GHRÚPA AGUS NA CUIDEACHTA**

	<b>2020</b>	<b>2019</b>
	<b>€ '000</b>	<b>€ '000</b>
Luach ag 1 Éanáir	-	2
Amúchadh i rith na bliana	-	(2)
Luach ag 31 Nollaig	<u>-</u>	<u>-</u>

Fuair an chuideachta na cearta eisiacha, ar mhíreanna áirithe a dháileadh le haghaidh díolacháin sa bhliain 2014. Tá an costas a bhain leis na cearta a fuair siad caipitlithe sa chlár comhardaithe agus tá sé á amúchadh thar thréimhse cúig bliana, saol-ré inúsáide na gcearta a fuarthas.

**14. STOC AN GHRÚPA AGUS NA CUIDEACHTA**

	<b>2020</b>	<b>2019</b>
	<b>€ '000</b>	<b>€ '000</b>
Earraí críochnaithe agus soláthar oibriúcháin	<u>57</u>	<u>69</u>

Ní raibh difríocht bhunúsach idir costas athsholáthair agus na figiúirí thuas.

**15. FIACHÓIRÍ AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ**

	<b>Grúpa</b>		<b>Cuideachta</b>	
	<b>2020</b>	<b>2019</b>	<b>2020</b>	<b>2019</b>
	<b>€ '000</b>	<b>€ '000</b>	<b>€ '000</b>	<b>€ '000</b>
Fiachóirí	120	163	120	163
Réamhíocaíochtaí	65	54	37	20
	<u>185</u>	<u>217</u>	<u>157</u>	<u>183</u>

**GAEL-LINN****(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)****NÓTAÍ AR NA GRÚPCHUNTAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2020****16. AIRGEAD AGUS COIBHÉIS AIRGID**

	Grúpa		Cuideachta	
	2020	2019	2020	2019
	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	1,015	515	1,014	514

**17. COSTAS PINSIN**

Feidhmíonn an cuideachta scéim pinsin rannfócaíochtaí sainithe. Coinnítear sócmhainní na scéime go neamhspleách i gcistí riartha go leithleach. Is í táille phinsin don cuideachta don bhliain ná €95,000 (2019: €76,000).

**18. CREIDMHEASÓIRÍ AGUS COSTAIS FHABHRAITHE**

	Grúpa		Cuideachta	
	2020	2019	2020	2019
	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000
Creidmheasóirí	63	97	63	94
Méid infóicta le Cairde Gael-Linn	-	-	142	156
Cáin Párolla	58	58	58	58
Costais fhabhraithe agus táillí réamhíochta	737	782	648	676
Cáin bhreisluacha	1	1	1	1
	859	938	912	985

**19. IONSTRAIMÍ AIRGEADAIS AN GHRÚPA**

	2020	2019
	€ '000	€ '000
<b>Sócmhainní airgeadais</b>		
Sócmhainní airgeadais	1,135	678
<b>Dliteanais airgeadais</b>		
Dliteanais airgeadais	800	879

**20. FOCHUIDEACHTA**

Is cumann carthannachta é Cairde Gael-Linn Cuideachta Faoi Theorainn ráthaíochta (gan scairchaipiteal) atá cláraithe in Éirinn (uimhir charthannachta CHY6647). Fondúireacht náisiúnta í a bhfuil mar phríomhaidhm aici an Ghaeilge agus oidhreacht dhúchasach na hÉireann a neartú agus a leathnú. Tá an oifig chlárachta ag 35 Sráid an Dáma, Bábail Átha Cliath 2.

**GAEL-LINN**

**(Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, gan scairchaipiteal)**

**NÓTAÍ AR NA GRÚPCHUNTAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2020**

---

**21. IMEACHTAÍ IARMHARTHA AGUS AN CLÁR COMHARDAITHE**

Ní raibh aon imeachtaí iarmhartha suntasacha a thabharfadh orainn aon nochtadh nó leasú a dhéanamh i leith na ráiteas airgeadais. seachas tionchar leanúnach Covid-19 atá á láimhseáil ag an gcuideachta agus a thosaigh roimh dháta an chláir chomhardaithe.